# Polasaí Úsáide Inghlactha

## Réamhra

Creideann oideachasóirí sna buntáistí a bhaineann le húsáid an idirlín chun taighde ár ábhair oideachais a dhéanamh. Is é cuspóir an Pholasaí Úsáide Inghlactha ná cinnte a dhéanamh go mbaineann daltaí Ghaelscoil Bhun Crannacha tairbhe as na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil le hacmhainní ar an idirlíon agus go mbeidh siad cosanta ó úsáid dainséarach agus neamhdhleathach an idirlín. Glactar le húsáid an idirlín mar acmhainn scoile agus is pribhléid atá inti. Muna leantar Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile, bainfear an pribhléid ó dhaltaí agus cuirfear na smachtbhannaí cuí i bhfeidhm. Ba chóir go léifí an polasaí seo i gcomhar leis na polasaithe seo a leanas: Polasaí i Leith fóin póca & Giúirléidí Leictreonacha, Polasaí Um Chumhdach Leanaí agus an Polasaí Bí Cineálta.

## Smachtbhannaí

Má bhaineann dalta úsáid mhíchuí, d'aon ghnó, as an idirlíon, beidh smachtbhannaí curtha i bhfeidhm don dalta, aistarraingt ar rochtain úsáide san áireamh. Beidh na tuismitheoirí/caomhnóirí curtha ar an eolas faoin úsáid mhíchuí trí litir scríofa.

## Coinníollacha Úsáid Idirlín i nGaelscoil Bhun Crannacha

1. Úsáidfear an t-idirlíon le haghaidh gníomhaíochtaí oideachasúla amháin.
2. Déanfaidh múinteoirí maoirseacht ar dhaltaí i gcónaí agus iad ag obair ar an idirlíon.
3. Beidh ar dhaltaí cead a lorg sula dtéann siad isteach in aon suíomh idirlín muna bhfuil cead faighte ó mhúinteoir cheana féin maidir don suíomh sin.
4. Ní thabharfaidh daltaí cuairt ar shuíomhanna idirlín ina bhfuil ábhar graosta, neamhdhleathach nó gráiniúil.
5. Cuirfidh daltaí an múinteoir ar an eolas faoi rochtain ábhair míchuí sa seomra ranga.
6. Úsáidfear bogearraí scagtha chun an baol go dtiocfaidh daltaí ar ábhar míchuí a laghdú.
7. Déanfaidh an scoil maoirseacht ar úsáid idirlíon na ndaltaí go rialta.
8. Gheobhaidh na daltaí oiliúint maidir le sábháilteacht ar an idirlíon.
9. Múinfear do dhaltaí conas ábhar ar shuíomhanna idirlín a mheas.
10. Ní bheidh cead ag daltaí aon ábhar graosta, neamhdhleathach nó gráiniúil a uaslódáil nó a íoslódáil agus ní bheidh cead acu amharc ar an ábhar seo.
11. Beidh cead ag daltaí ábhar a bhaineann leis an obair scoile a uaslódáil agus a íoslódáil, faoi mhaoirseacht agus stiúir an mhúinteora.
12. Níl cead ag daltaí nó ag baill foirne íomhánna, físeáin nó ábhar eile a roinnt chun dochar a dhéanamh do bhall eile den phobal scoile, nó chun ball phobal na scoile a aithint, fiú má tharlaíonn sé seo taobh amuigh den scoil nó d'am scoile.
13. Níl sé ceadaithe íomhánna follasacha, go háirithe íomhánna follasacha de dhaltaí/ nó de mhionaoisigh, a roinnt. Tá cosc iomlán ar an iompar seo agus baineann iarmhairtí agus smachtbhannaí tromchúiseacha leis d'éinne a ghlacann páirt san iompar seo.

14. Bainfear úsáid as bogearraí chosaint víris agus déanfar uasdátú air go rialta.
15. Tá cead múinteora ag teastáil má tá dalta chun gléas pearsanta stórais a úsaid ar scoil.
16. Bainfidh daltaí úsáid as dea-“netiquette” (béasaí ar an idirlíon) i gcónaí agus ní dhéanfaidh siad aon rud chun droch-cháil a tharraingt ar an scoil.
17. Ní bheidh cead ag daltaí ‘YouTube’ (agus suíomhanna cosúla) a úsáid ach amháin faoi mhaoirseacht agus stiúir an mhúinteora.

## Ardáin Foghlama & Foghlaim Chianda

Uaireanta, mar shampla nuair a bhíonn gá le foghlaim chianda, féadfaidh an fhoireann cuntais aonair a chur ar bun do dhaltaí chun ardáin foghlama ar nós Seesaw nó Nessy a úsáid. Sna cásanna seo, iarrfar cead ó thuismitheoirí.

I gcásanna ina mbíonn foghlaim chianda riachtanach, beidh feidhm ag na coinníollacha úsáide céanna atá leagtha amach thuas, agus táthar ag súil go gcloífidh daltaí le dea-“netiquette”, ag léiriú measa ar an bhfoireann agus ar dhaltaí eile i gcónaí.

Tá ionchais arda againn dár ndaltaí maidir le hiompar, dea-bhéasa agus cloí le rialacha na scoile agus iad ar scoil. Tá na hionchais arda chéanna i bhfeidhm maidir le seisiúin foghlama ar líne, ar nós cruinnithe Zoom. Fanann Cód Iompair na scoile i bhfeidhm le linn tréimhsí dúnta/foghlama cianda.

## Comhrá Idirlín & Teachtaireachtaí Reatha

Níl cead ag daltaí seomraí comhrá ar líne nó aipeanna theachtaireachtaí reatha a úsáid i rith am scoile nó ar láthair na scoile.

## Na Meáin Shóisialta

Níl cead ag foireann, daltaí nó tuismitheoirí/caomhnóirí i nGaelscoil Bhun Cranncha;

- Úsáid a bhaint as na meáin shóisialta nó as an idirlíon chun baill dá gclann, foireann scoile nó aon bhall eile den scoil a chiapadh, a mhaslú, a mhí-úsáid nó a aithisiú
- Páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí bainteach leis na meáin shóisialta, má tá baol ann go dtarraingeoidh na gníomhaíochtaí droch-cháil ar fhoireann nó ar dhaltaí Ghaelscoil Bhun Cranncha
- A dtuairimí féin a chur in iúl mar thuairimí Ghaelscoil Bhun Cranncha ar aon mheán sóisialta.

Ní háiteanna inghlachtha iad na mean shóisialta chun gearáin a dhéanamh faoi nithe scoile. Is é an t-aon bealach glactha chun buarthaí a phlé le foireann na scoile ná cruinniú a eagrú ag am socraithe leis an mball foirne cuí.

Ní ceadaítear do dhaltaí meáin shóisialta a úsáid ar shuíomh na scoile.

## Cíbearbhulaíocht

Agus iad ag baint úsáide as an idirlíon, ba chóir go léiríonn daltaí, tuismitheoirí agus baill foirne meas ar dhaoine eile i gcónaí. Níl ceadaítear páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar líne, a dhéanann iarracht dochar a dhéanamh ar dhalta eile nó ar bhall foirne, iad a chiapadh nó a náiriú. Tá cosc iomlán ar an iompar seo agus baineann iarmhairtí agus smachtbhannaí tromchúiseacha leis d’éinne a ghlacann páirt san iompar seo. Leanann Gaelscoil Bhun Cranncha bearta chun feasacht a thabhairt d’fhoireann scoile agus do dhaltaí maidir le céard is bulaíocht ann; iompar diúltach, ó

bhéal, síceolaíoch, nó fisiciúil, déanta ag duine amháin nó ag grúpa ar dhuine (nó ar dhaoine) eile, arís is arís, thar thréimhse ama. Tá cíbearbhulaíocht aon-uaire san áireamh sa mhíniú seo.

## Suíomh Idirlíon na Scoile

- Beidh daoine ainmnithe i gceannas ar fhoilsiú ábhair ar shuíomh ghréasáin na scoile.
- Ní fhoilseofar sonraí pearsanta faoi dhaltaí, seoltaí baile nó sonraí teagmhála ar shuíomh gréasáin na scoile.
- Ní fhoilseofar liostaí ranga.
- Ní fhoilseofar ainmneacha iomlána na ndaltaí in aice lena ngrianghraif.
- Beidh deis ag na daltaí tionscadail, saothair ealaíne agus obair scoile a fhoilsiú ar shuíomh na scoile.
- Roghnóidh múinteoirí obair le foilsiú agus déanfaidh siad cinntí maidir leis an mbealach cuí chun é seo a dhéanamh.
- Gheobhaidh an scoil cead ó dhaltaí/tuismitheoirí/caomhnóirí chun obair an dalta a fhoilsiú. Is féidir an cead seo a aistharraingt ag aon am.
- Beidh an cóipcheart ag an dalta maidir le haon obair atá foilsithe.

## Oideachas

Gabhfaidh Gaelscoil Bhun Crannchta de láimh clár oideachais chun na páistí a mhúineadh faoi úsáid sábháilte agus freagrach an idirlín. Tagann contúirtí le saol sa 21ú aois, cosúil le foréigean, ciníochas agus dúshaothrú agus tá sé tábhachtach go mbíonn páistí agus daoine óga cosanta ó na contúirtí seo. Ag an am céanna, caithfidh siad foghlaim conas na contúirtí seo a aithint agus iad a sheachaint - chun a bheith ciallmhar ar an idirlíon. Mar gheall go gcaitheann páistí níos mó ama sa bhaile ná ar scoil, bíonn níos mó ama acu sa bhaile chun an t-idirlíon a úsáid. Tá sé riachtanach go dtugann tuismitheoirí oideachas faoi úsáid fhreagrach an idirlín chomh maith, mar níl an fhreagracht ar an scoil amháin.
Acmhainní gur féidir a úsáid chun an clár seo a chur i bhfeidhm:
An físeán NCTE faoi fheasacht sábháilteacht idirlín
Úsáid a bhaint den chuid "do pháistí" ar an suíomh www.webwise.ie
SAFT: "Clár Oideachas Fheasacht Sábháilteacht idirlín" agus na heiseamláirí atá ann

## Scagadh

Tugtar an téarma 'scagadh' ar bhealach a chuirtear limistéir ar ábhair ar shuíomhanna idirlín, ríomhphost, seomraí comhrá agus sonraí leictreonacha eile a bhíonn le feiceáil/ar fáil don duine atá ar líne. Níl aon scagaire 100% éifeachtach. Is é an scagaire is fearr ná maoirseacht ó dhuine fásta. Bíonn uirlis scagaidh ar go leor brabhsálaithe cheana féin, Google, mar shampla. Tá sé roghnaithe ag Gaelscoil Bhun Crannchta an leibhéal scagtha seo a leanas ar ábhair ar Gréasáin Leathanbhanda na scoile.

**Leibhéal 4:** Is féidir dul isteach chuig na milliúin suíomhanna idirlín, cluichí agus Youtube san áireamh. Cuireann sé cosc, áfach, ar shuíomhanna a bhaineann leis an gcatagóir "suíomhanna pearsanta" agus suíomhanna cosúil le Facebook, a bhaineann leis an gcatagóir "Gréasáin Shóisialta".

Má dhéanann dalta iarracht an scagadh seo a sheachthreorú, ag baint úsáide as seachfhreastalaithe, nó aon bhealach eile, cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm. Beidh rabhaidh scríofa, aistharraingt ó úsáid idirlín agus, i gcásanna foircneacha, fionraí nó díbirt i gceist.

## Aguisíní

**Aguisín 1:** Nota do thuismitheoirí
**Aguisín 2:** Gealltanas an dalta
**Aguisín 3:** Foirm Ceadaithe Idirlíne agus suíomh idirlín

## Faomhadh agus athbhreithniú

Faomhaíodh an polasaí ar **25/02/26** agus cuireadh i bhfeidhm láithreach é. Déanfar athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo de réir mar is gá.

**SÍNITHE:**

| | |
|---|---|
| Colm Ó Tuathaláin | Pól Mac Daibhéid |
| ***Cathaoirleach*** | ***Príomhoide*** |

## Aguisín 1: Nóta do thuismitheoirí

A thuismitheoirí dhil,

*I nGaelscoil Bhun Cranncha, cuirimid rochtain maoirsithe ar an idirlíon ar fáil do dhaltaí.*

*Cé go n-aithnímid luach an Idirlín mar acmhainn, ní mór dúinn freisin na rioscaí féideartha do dhaltaí a aithint. Is dóigh linn nach é an freagra ná cosc a chur ar úsáid an idirlín ar scoil ach na daltaí a mhúineadh chun na rioscaí a aithint agus a bheith 'Cliste leis an Idirlíon'.*

*Tá scagaire i bhfeidhm ar gach gléas leictreonach scoile chun rochtain ar ábhar mí-oiriúnach a chosc.*

*Is comhphróiseas é an próiseas a bhaineann le hoideachas a chur ar do leanbh/leanaí faoi úsáid inghlactha idirlín idir an baile agus an scoil agus ar an gcúis seo tá polasaí scoile um shábháilteacht idirlín curtha le chéile againn. Ní mór do thuismitheoirí freisin caighdeán inghlactha úsáide idirlín a leagan síos agus a chur in iúl dá bpáistí.*

*Iarraimid ort, in éineacht le do leanbh/leanaí, Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile a léamh agus aguisín 2 & 3 a shíniú. Tá an polasaí ar fail ar [www.gaelscoilbhuncranncha.ie](http://www.gaelscoilbhuncranncha.ie) > Fúinn > Polasaithe. Tá cóip chrua ar fail ón oifig ach é a iarraidh.*

*Ba chóir do thuismitheoirí an doiciméad seo a phlé lena bpáistí lena chinntiú go dtuigeann siad go soiléir rialacha na scoile maidir le húsáid Idirlín.*

Is mise le meas,

Pól Mac Daibhéid
**Príomhoide**

## Aguisín 2: Gealltanas an pháiste

**Bainim úsáid as ríomhairí, giuirléidí leictreonacha agus nasc idirlíne na scoile ar mhaithe le foghlaim. Tuigim go mbíonn coinníollacha ag baint le húsáid na rudaí seo agus an nasc idirlíne ar mhaithe le cothrom na féinne a léiriú ar dhaoine eile agus ar mhaithe le sábháilteacht gach duine.**

*I use computers, electronic devices and the school's internet connection for learning. I understand that certain conditions relate to the use of these things and the internet connection in order to be fair to everyone and for everyone's safety.*

**Mar sin de**/ *Therefore:*

- **Iarrfaidh mé cead sula dtéim isteach chuig suíomh idirlín ach amháin má tá an suíomh sin ceadaithe ag an múinteoir cheana féin**
- **Ní thabharfaidh mé nithe stórais seachtrach cosúil le bataí cuimhneacháin nó USBs ar scoil gan chead**
- **Ní bhainfidh mé úsáid as ríomhphost ar scoil**
- **Ní bhainfidh mé úsáid as seomraí comhrá idirlíne nó aipeanna teachtaireachtaí reatha**
- **Má fheicim aon rud nach bhfuil mé sásta leis nó nach bhfuil foirsteanach, déarfaidh mé é le múinteoir láithreach bonn**
- **Tá a fhios agam go ndéanfaidh an scoil monatóireacht ar m'úsáid idirlín agus go mbeidh siad ag breathnú ar na suíomhanna a dtugaim cuairt orthu**
- **Tá a fhios agam má bhrisim na rialacha seo d'aon turas, go gcuirfear cosc úsáid an idirlín orm agus go gcuirfear mo thuismitheoirí ar an eolas faoi**

- *I will ask permission before entering any website, unless my teacher has already approved that site*
- *I will not bring external storage devices such as pen drives (or memory sticks/USB keys etc.) into school without permission*
- *I will not use internet chat rooms or instant messaging apps*
- *If I see anything I am unhappy with or if I accidentally access something inappropriate, I will tell a teacher immediately*
- *I know that the school will monitor my internet usage, including the sites I visit*
- *I understand that if I deliberately break these rules, I could be stopped from using the Internet and computers and my parents will be informed*

______________________________

***Síniú an dalta***
*Student's signature*

______________________________

**Síniú Tuismitheora/Caomhnóra**
*Parent / Guardian signature*

______________________________

***Dáta*** / *Date*

## Aguisín 3: Foirm Ceadaithe Idirlíne agus suíomh idirlíne

***Ainm an Dalta***
*Student's Name:* ______________________________
***Rang***
*Class* ______________________________

As the parent or legal guardian of the above child(ren), I have read the Internet Acceptable Usage policy of Gaelscoil Bhun Cranncha_and agree to the following in respect of internet use in the school;

- I understand that school internet usage is for educational purposes only and that every reasonable precaution will be taken by the school to provide for online safety
- I accept my own responsibility for the education of my child(ren) on issues of Internet Responsibility and Safety
- I understand that having adhered to all the enclosed precautions the school cannot be held responsible if my child tries to access unsuitable material

**Síniú**
**Tuismitheora/Caomhnóra**
*Parent / Guardian signature:* ______________________________
***Dáta***
*Date* ______________________________

## Suíomh idirlín

I understand that, if the school considers it appropriate, my child's schoolwork may be chosen for inclusion on the school's website. I understand and accept the terms of the Acceptable Usage Policy in relation to publishing pupils' work and photographs of school activities on the website.

**Síniú**
**Tuismitheora/Caomhnóra**
*Parent / Guardian signature:* ______________________________
**Dáta**
*Date* ______________________________